Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8822/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0092 (NLE)**

**VISA 48**
**MIGR 118**
**RELEX 587**
**COAFR 114**
**COMIX 103**
***CH***
***IS***
***LI***
***NO***

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1341 maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí i leith na hAetóipe a aisghairm<br>- Glacadh |

1. An 20 Aibreán 2026, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1341 maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí i leith na hAetóipe a aisghairm[1].

2. Ag roinnt cruinnithe de chuid na meithle um Lánpháirtiú, Imirce agus Díbirt, lena n-áirítear ag an gcruinniú a bhí aici an 16 Aibreán 2026, mheas na Ballstáit go bhfuil méadú suntasach inbhuanaithe tagtha ar chomhar na hAetóipe maidir le hathligean isteach agus d'iarr siad ar an gCoimisiún an togra thuasluaite a chur síos chun na bearta sriantacha maidir le víosaí a aisghairm.

[1] 8372/26

3. Tar éis don Choimisiún an togra thuasluaite le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chur i láthair, d'fhormheas na toscaireachtaí é ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Víosaí an 4 Bealtaine 2026.

4. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

5. Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme thuasluaite, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 8648/26 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

   Foilseofar an Cinneadh Cur Chun Feidhme san Iris Oifigiúil i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.